



**An Rialálaí
Carthanas**

**Charities
Regulator**

An Beartas maidir le hÁbhair Imní

Rannóg	Comhlíonadh agus Forfheidhmiú
Uimh. Beartais	CE POL 08.2.1 003
Uimh. Leasaithe	000
Údar	Tom Malone
Dáta	Feabhra 2017
Formheasta ag	An Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin
I bhfeidhm ó	Feabhra 2017
Dáta Athbhreithnithe	Feabhra 2018
Leathanaigh	10



An Rialálaí
Carthanas
Charities
Regulator

1.0 Cúlra – Cé sinne

Bunaíodh an Rialálaí Carthanas mar Údarás **neamhspleách** ar bhonn reachtúil i mí Dheireadh Fómhair 2014 de réir an Achta Carthanas 2009. Tá an Rialálaí Carthanas freagrach as gach carthanas a dhéanann gníomhaíochtaí i bPoblacht na hÉireann a chlárú agus a rialáil.

Ár Misean:

'An earnáil carthanas a rialáil chun leas an phobail d'fhonn comhlíonadh an dlí a chinntiú agus d'fhonn tacú leis an dea-chleachtas i rialachas, i mbainistíocht agus i riarachán carthanas'.

Ár Luachanna:



Ár bhFeidhmeanna:

- Iontaobh agus muinín an phobail as bainistiú agus riaradh iontaobhas carthanúil agus eagraíochtaí carthanúla a mhéadú.
- Comhlíonadh a ndualgas ag iontaobhaithe carthanas a chur chun cinn i rialú agus bainistiú iontaobhas carthanúil agus eagraíochtaí carthanúla.
- Úsáid éifeachtach maoine iontaobhas carthanúil nó eagraíochtaí carthanúla a chur chun cinn.
- Cuntasacht eagraíochtaí carthanúla do dheontóirí agus do thairbhíthe brontanas carthanúil, agus don phobal, a chinntiú.
- Tuisceant a chur chun cinn ar an gceanglas gur chun leas an phobail a bheidh aidhmeanna carthanúla.



**An Rialálaí
Carthanas**
Charities
Regulator

- Clár d’eagraíochtaí carthanúla a bhunú agus a chothabháil.
- Comhlíonadh an Achta seo ag eagraíochtaí carthanúla a chinntiú, agus faireachán a dhéanamh ar an gcéanna.
- Imscrúduithe a dhéanamh de réir an Achta seo.
- Feabhas ar riaradh agus bainistiú eagraíochtaí carthanúla a spreagadh agus a éascú trí fhaisnéis nó comhairle a sholáthar, lena n-áirítear go háirithe ar mhodh treoirlínte, cód cleachtas agus doiciméad bunreachtúil eiseamláireach a eisiúint (nó, de réir mar is cuí leis, a cheadú).
- Cibé gníomhaíochtaí a sheoladh nó cibé faisnéis (lena náirítear faisnéis staidrimh) a fhoilsiú a bhaineann le heagraíochtaí carthanúla agus iontaobhais charthanúla agus is cuí leis.
- Faisnéis (lena n-áirítear faisnéis staidrimh) nó comhairle a sholáthar don Aire, nó tograí a chur faoina bhráid nó faoina bráid, maidir le hábhair a bhaineann le feidhmeanna an Rialálaí.


2.0 Ráiteas Beartais

Eagraíochtaí neamhspleácha is ea carthanais. Is iad iontaobhaithe carthanas a reáchtálann iad. Imríonn siad ról ríthábhachtach inár sochaí agus gníomhaíonn siad chun leas an phobail ar bhealaí éagsúla do phobail in Éirinn agus ar fud an domhain. Uaireanta, bíonn ábhair imní ag daoine faoi ghné éigin de charthanas agus bíonn siad ag iarraidh a fháil amach cé na húdaráis ar cheart dóibh na hábhair imní sin a chur in iúl dóibh. Leagtar amach sa bheartas seo conas a dhéileálfaimid le hábhair imní a tharraingítear anuas faoi charthanais.

3.0 Ról an Rialálaí Carthanas

Tá an Rialálaí Carthanas freagrach as gach carthanas a dhéanann gníomhaíochtaí in Éirinn a chlárú agus a rialáil. Ceann de phríomhfheidhmeanna an Rialálaí Carthanas is ea faireachán a dhéanamh ar an dóigh a bhfuil eagraíochtaí carthanúla ag comhlíonadh fhorálacha na reachtaíochta carthanas, go háirithe an tAcht Carthanas 2009, agus comhlíonadh na bhforálacha sin a chinntiú.

Tá dualgas orainn éagóir a shainithint agus a imscrúdú. Sa bheartas seo, mínítear an dualgas sin agus conas a chomhlíonaimid an dualgas sa chleachtas.



Mínítear na nithe seo a leanas sa bheartas seo:

- Na hábhair imní ar féidir linn déileáil leo agus na hábhair imní nach féidir linn déileáil leo
- Conas is féidir ábhar imní a chur in iúl faoi charthanas
- Conas a dhéileálfaimid le hábhair imní faoi charthanas
- Na nithe a tharlóidh má chuireann tú ábhar imní in iúl dúinn
- Na nithe a tharlóidh má chuirtear ábhar imní in iúl faoi do charthanas
- Nithe atá le cur san áireamh le linn duit faisnéis a sholáthar don Rialálaí
- Conas a thagaimid ar chinneadh

Is chun leas an phobail i gcoitinne a ghníomhaíonn an Rialálaí, agus ní thar ceann aon duine aonair den phobal ná thar ceann aon ghrúpa ar leith. Oibrímid i gcomhréir leis na luachanna atá againn, lena n-áirítear gníomhú ar bhealach neamhspleách, cothrom, comhréireach agus oscailte.

Is é is aidhm don bheartas seo a mhíniú conas a dhéileálann an Rialálaí Carthanas le hábhair imní. Níl sé ina ráiteas críochnúil, agus níl sé deartha chun a bheith ina ráiteas críochnúil, ar an dlí sa réimse seo. Mar sin, moltar do charthanas a gcomhairle dlí féin a fháil maidir leis na saincheistanna a bpléitear leo sa bheartas seo.

4.0 Na hábhair imní ar féidir linn déileáil leo agus na hábhair imní nach féidir linn déileáil leo

I gcás go dtarraingítear saincheist anuas maidir le carthanas, díreoidh an Rialálaí Carthanas go príomha ar a fháil amach cé acu a rinneadh nó nach ndearnadh sárú ar an dlí carthanas.

Mar shampla:

- I gcás go bhfuil riosca ann go bhfulaingeoidh carthanas, a shócmhainní nó a thairbhíthe cailteanas suntasach nó go ndéanfar damáiste suntasach dóibh
- I gcás go ndearna iontaobhaithe carthanas sárú ar a ndualgais
- I gcás go bhfuil daoine atá i gceannas ar charthanas ciontach i mí-iompar tromchúiseach nó leanúnach
- I gcás nach gcomhlíonann carthanas an ceanglas dlíthiúil chun cáiliú mar charthanas (áirítear leis an gceanglas sin comhlachtaí a bhfuil cuspóirí carthanúla acu agus a ghníomhaíonn chun leas an phobail)
- I gcás go bhféadfadh go mbeadh comhlacht ag cur i gcéill gur carthanas in Éirinn é nuair nach ea.



**An Rialálaí
Carthanas**
Charities
Regulator

5.0 I bhformhór na gcásanna, ní féidir linn déileáil leis na nithe seo a leanas:

- Ábhair nach mbaineann leis an dlí carthanas. Mar shampla, saincheisteanna a bhaineann le fostaíocht chonarthathe.
- Gearáin a bhaineann le seirbhísí a soláthraíonn carthanas iad – ba cheart gearáin den sórt sin a thuairisciú don charthanas lena mbaineann.
- Díospóidí idir iontaobhaithe carthanais - mar shampla, díospóidí a bhaineann le cinnteoireacht amháin. Ba cheart díospóidí den sórt sin a réiteach ar bhonn inmheánach nó le tacaíocht ghairmiúil (mar shampla, trí eadránaí).
- Rialú a dhéanamh in aghaidh cinneadh ó iontaobhaithe carthanais, ar cinneadh é atá bailí agus a bhfuil sé de chumhacht ag na hiontaobhaithe é a dhéanamh.
- Saincheisteanna a thagann go príomha faoi shainchúram rialálaithe eile.

6.0 Conas is féidir ábhar inní a chur in iúl faoi charthanas


Má tá ábhar inní agat faoi charthanas, ba cheart duit breithniú a dhéanamh ar an ábhar inní sin a chur in iúl don charthanas é féin sa chéad ásc. Ina lán cásanna, tabharfaidh sé sin deis do na hiontaobhaithe carthanais an t-ábhar inní a réiteach. Más rud é nach bhfuil tú in ann an t-ábhar inní a chur in iúl don charthanas, nó gur chuir tú an t-ábhar inní in iúl dó agus nach ndearna sé aon ghníomh ina leith, ba cheart duit na comhlachtaí is cuí ar féidir leat an t-ábhar inní a chur in iúl dóibh a shainaithint. Is féidir leat ábhar inní a chur in iúl don Rialálaí Carthanas trínár bhfoirm ábhar inní ar líne a chomhlánú.

Is ar bhealach faoi rún a dhéileálfaidh an Rialálaí Carthanas le gach ábhar inní a chuirtear in iúl, faoi réir aon dualgas dlíthiúil a bheith air an t-ábhar inní a nochtadh.

7.0 Conas a dhéileálfaimid le hábhair inní faoi charthanais

Glacaimid cur chuige fianaiseach, rioscabhunaithe agus comhréireach i leith carthanais a rialáil. Ciallaíonn sé sin go ndírímid ár gcabhair agus ár n-acmhainní ar na réimsí lena mbaineann an riosca is mó agus ar na réimsí a measaimid go mbeidh an tionchar is mó ag ár n-idirghabháil orthu.

Admhóimid go bhfuarthas ábhair inní a luaithe is féidir agus laistigh de 15 lá oibre ar a laghad, fad a tugadh sonraí teagmhála dúinn.



**An Rialálaí
Carthanas**
Charities
Regulator

Déanaimid measúnú ar ábhair inní chun na nithe seo a leanas a fháil amach:

- Cé acu atá nó nach bhfuil sé de chumhacht dhlíthiúil againn gníomh a dhéanamh sa chás.
- Cé acu atá nó nach bhfuil riosca ann:
 - do shócmhainní an charthanas (lena n-áirítear an cháil atá air)
 - agus/nó do thairbhíthe an charthanas
 - go bhfuil mí-úsáid á baint as stádas carthanúil
 - don earnáil carthanas.
- Cé acu ba cheart nó nár cheart do rialálaí eile, do chigireacht eile nó do chomhlacht poiblí eile déileáil leis an ábhar inní
- An leibhéal gníomhaíochta a theastaíonn uainne mar Rialálaí.

D'fhéadfadh go ndéanfaimis fiosrúcháin chúlra chun a chinntiú gur ceart agus inchreidte atá aon fhaisnéis a soláthraíodh dúinn. D'fhéadfadh go ndéanfaimis teagmháil leis an gcarthanas lena mbaineann mar chuid den obair sin.


Ní ghníomhóimid de bhun líomhaintí, ráflaí ná tuairimí nach bhfuil aon bhunús leo. Dá ngníomhófaí ar an mbealach sin, bheifí ag déanamh éagóir ar an gcarthanas, ar a ghníomhaíochtaí agus ar a thairbhíthe. I gcás go bhfuil amhras orainn go ndearnadh cion, tá oibleagáid orainn faisnéis a sholáthar don Gharda Síochána agus d'institiúidí áirithe eile faoi sin.

Cuirfimid ár ngníomhartha in ord tosaíochta chun a chinntiú go mbainfear an chuid is fearr as ár n-acmhainní.

8.0 Na nithe a tharlóidh má chuireann tú ábhar inní faoi charthanas in iúl dúinn

Féachaimid lenár bhfiosrúcháin a chur i gcrích a luaidhe is féidir. Mar sin féin, d'fhéadfadh go mbeadh fiosrúcháin áirithe casta agus go mbeadh ionchur óna lán foinní difriúla ag teastáil ina leith. D'fhéadfadh go mbeadh caingean Chúirte ag teastáil freisin.

Ní inseofar don charthanas ainm an duine a chuir an t-ábhar inní in iúl gan cead a fháil ón duine sin ar dtús. D'fhéadfadh go mbeadh cúinsí dlíthiúla ann, áfach, ina bhfuil oibleagáid orainn aitheantas an duine a chuir an t-ábhar inní in iúl a sholáthar.



**An Rialálaí
Carthanas**
Charities
Regulator

Mar shampla, i gcás go gceanglaíonn Cúirt orainn é sin a dhéanamh. Ina theannta sin, d'fhéadfadh gurbh amhlaidh, mar gheall ar an gcineál saincheistanna a tharraing sé/sí anuas, gur léir don charthanas cé hé/hí an duine a chuir an t-ábhar inní in iúl.

Is fúinne féin mar Rialálaí Carthanas atá sé a chinneadh cé na cásanna a bhfuil sé chun leas an phobail iad a shaothrú; ní ghníomhaímid thar ceann daoine aonair ná eagraíochtaí a chuireann ábhair inní in iúl dúinn. Ní dhéanaimid trácht agus ní thugaimid sonraí faoi fhiosrúcháin agus iad ar siúl ach oiread, toisc go bhféadfadh sé sin dochar a dhéanamh don charthanas nó dár gcuid oibre. Nuair a bheidh ár bhfiosrúcháin thart, is i dtéarmaí ginearálta a thabharfaimid fógra duit faoin toradh. I bhformhór na gcásanna, ní thabharfaimid fionnachtana mionsonraithe duit faoi gach saincheist ar leith. Ní bheidh sé de cheart agat faoin dlí carthanas achomharc a dhéanamh in aghaidh ár gcinnidh.

9.0 Na nithe a tharlóidh má chuirtear ábhar inní in iúl faoi do charthanas

Tá an Rialálaí Carthanas ag súil leis go gcomhlíonfaidh gach carthanas an dlí carthanas. Tacóimid le carthanas trí threoir a chur ar fáil dóibh, trí mholtaí a dhéanamh dóibh nó trí iad a tharchur chuig foinsí eile cabhrach. Déanfaimid gníomh rialála comhréireach nuair a mheasaimid gur gá déanamh amhlaidh, áfach.

Déantar measúnú ar gach ábhar inní a fhaightear agus rátáiltear an riosca a bhaineann leo. D'fhéadfadh go measfaí ina dhiaidh sin go bhfuil ábhair inní áirithe lasmuigh dár raon feidhme. Cuirtear na hábhair inní sin ar aghaidh ansin chuig

Rialálaithe eile a dtagann siad faoina sainchúram. I gcásanna den sórt sin, ní fhéadfar aon teagmháil a dhéanamh leis an gcarthanas ná leis an eintiteas lena mbaineann.

I bhformhór na gcásanna, déanfaimid teagmháil leat a luaithe a chinntítear gurb amhlaidh, bunaithe ar na hábhair inní a cuireadh in iúl maidir le do charthanas, gur fiú fiosrúchán a dhéanamh ar an ábhar ó thaobh an dlí carthanas de.

Ní hionann teagmháil a dhéanamh le do charthanas is a rá go n-aontaímid leis na hábhair inní a cuireadh in iúl ná go bhfuil an carthanas ciontach in aon éagóir.



**An Rialálaí
Carthanas**
Charities
Regulator

Míneoimid duit cé na hábhair inmí lena mbaineann agus iarrfaimid ort faisnéis a sholáthar dúinn ionas gur féidir linn tuiscint níos fearr a ghnóthú ar ghnáthoibríochtaí do charthanais agus ar na saincheistanna ar leith a cuireadh in iúl dúinn.

Déanfaimid teagmháil le hIontaobhaithe an charthanais ar dtús. I gcás gur tugadh fógra dúinn gur treoraíodh d'aturnae gníomhú thar ceann an charthanais, seolfaimid ár gcomhfhreagras chuig an duine sin. D'fhéadfadh go mbeadh cásanna ann, áfach, inar gá dúinn teagmháil dhíreach a dhéanamh le hiontaobhaithe carthanais. I gcásanna den sórt sin, tabharfaimid cóip dár gcomhfhreagras don aturnae atá ag gníomhú thar ceann an charthanais.

Ní nochtfaimid aitheantas an duine/na ndaoine a chuir ábhair inmí in iúl dúinn ach amháin i gcás gur tugadh cead dúinn é sin a dhéanamh nó i gcás go gceanglaítear le dlí orainn é sin a dhéanamh. Déanaimid amhlaidh toisc go bhfuil sé tábhachtach gur féidir le daoine ábhair inmí faoi charthanais a chur in iúl dúinn i modh rúin.

Le linn dúinn fiosrúcháin a dhéanamh, d'fhéadfadh go n-iarrfaimis ar aon iontaobhaí de chuid an charthanais nó ar aon duine a bhfuil baint aige/aici leis an gcarthanas faisnéis a sholáthar dúinn. D'fhéadfadh go mbeadh cruinnithe aghaidh ar aghaidh i gceist leis sin.

Le linn ár bhfiosrúchán, déanfaimid gach beart réasúnach chun cur isteach ar obair agus ar cháil do charthanais agus ar obair do bhall foirne, d'oibrithe deonacha agus d'iontaobhaithe a íoslaghdú. D'fhéadfadh go mbeadh cásanna ann, áfach, inar gá dúinn leas a bhaint as na cumhachtaí foirmiúla atá againn agus d'fhéadfadh go ndéanfadh sé sin difear do reáchtáil laethúil an charthanais.

10.0 Faisnéis a sholáthar don Rialálaí

Le linn dúinn fiosrúcháin a dhéanamh, d'fhéadfadh go mbaileoimis faisnéis ón duine a chuir an t-ábhar inmí in iúl ar dtús, ón gcarthanas lena mbaineann nó ó thríú páirtithe ábhartha eile. D'fhéadfadh gur chion é do dhuine faisnéis bhréagach a thabhairt dúinn go feasach.

Leis an dlí carthanas, tugtar de chumhacht dúinn aon fhaisnéis a fháil go foirmiúil ó aon duine nó aon eagraíocht i gcás go meastar go bhfuil an fhaisnéis sin riachtanach chun críocha ár bhfiosrúchán. Is cion é mainneachtain cloí le hiarraidh den sórt sin agus féadfar fíneáil nó príosúnacht a chur ar dhuine ar é/í a chiontú ina leith.



**An Rialálaí
Carthanas**
Charities
Regulator

11.0 Conas a thagaimid ar chinneadh

Agus cinneadh á dhéanamh againn, déanfaimid an fhaisnéis ar fad a ghnóthaíomar le linn ár bhfiosrúchán a chur sa mheá agus breithneoidimid aon riosca leanúnach atá ann don charthanas, lena n-áirítear a shócmhainní agus a thairbhíthe. Breithneoidimid cé acu a rinne nó nach ndearna iontaobhaithe an charthanais aon ghníomhartha go hiomrallach nó d'aon ghnó. Breithneoidimid freisin aon ghníomh ceartaitheach a rinneadh cheana féin agus rúin iontaobhaithe an charthanais as seo amach. Cinnfidimid cé acu is gá nó nach gá dúinn aon ghníomh a dhéanamh maidir leis na cumhachtaí foirmiúla atá againn a fheidhmiú nó cé acu ba cheart nó nár cheart dúinn tacaíocht a thabhairt d'iontaobhaithe an charthanais i bhfoirm moltaí le haghaidh feabhais, ar moltaí iad a bhféadfadh go ndéanfaimis gníomh leantach ina leith.

Ní bhíonn sé mar aidhm againn in aon chás go ndúnfaí carthanas mar gheall ar ár bhfiosrúcháin, ach d'fhéadfadh go dtarlódh sé sin uaireanta ar chúiseanna eile – mar shampla, i gcás go bhfuil an carthanas i gcruachás airgeadais. D'fhéadfadh go gcinnfidimid i gcásanna áirithe nach bhfuil sé comhréireach nó riachtanach dúinn ábhar maidir le carthanas a imscrúdú tuilleadh. I gcásanna den sórt sin, coinneoidimid an fhaisnéis ar taifead agus d'fhéadfadh go dtabharfaimis aird uirthi an athuir amach anseo i gcás go bhfaightear ábhar imní eile faoin gcarthanas céanna.

I gcásanna áirithe – mar shampla, i gcás go bhfeidhmímid na cumhachtaí foirmiúla atá againn nó i gcás go bhfuil ardleibhéal spéise ag an bpobal san ábhar imní – foilseoidimid tuarascáil ar ár suíomh Gréasáin ina míneofar na heachtraí a tharla agus na gníomhartha a rinneadh sa chás lena mbaineann.

12.0 Tuairisc Bhliantúil a Thabhairt ar Ábhair Imní

Foilseoidh an Rialálaí Carthanas faisnéis staidrimh maidir le hábhair imní a fuarthas. D'fhéadfadh go ndéanfadh an Rialálaí Carthanas faisnéis staidrimh a chomhroinnt le tríú páirtithe ó am go ham freisin.

13.0 Cosaint Sonraí agus Saoráil Faisnéise

Déanfar an fhaisnéis phearsanta ar fad i dtaca le hábhair imní arna fáil ag an Rialálaí Carthanas a stóráil de réir an Achta um Chosaint Sonraí, 2003, agus an Achta um Shaoráil Faisnéise, 2014.



**An Rialálaí
Carthanas**
Charities
Regulator

Ní úsáidfeadh faisnéis phearsanta ach amháin chun na críche a soláthraíodh í agus ní chomhroinnfeadh faisnéis phearsanta le tríú páirtithe ach amháin i gcás go gceadaítear dúinn déanamh amhlaidh nó i gcás go gceanglaítear le dlí orainn déanamh amhlaidh. Féadfaidh an Rialálaí Carthanas sonraí phearsanta anaithnidithe a úsáid chun críocha staidrimh.

14.0 Cúnamh do dhaoine faoi mhíchumas

Má tharlaíonn sé, de bharr deacrachta, go dteastaíonn cúnamh ó dhuine chun ábhar imní a chur in iúl don Rialálaí Carthanas, beidh sé/sí in ann teagmháil a dhéanamh lenár [nOifigeach Rochtana](#), a dhéanfaidh iarracht cúnamh a thabhairt dó/di.

15.0 Athbhreithniú Beartais

Déanfaidh an Ceann um Chomhlíonadh agus Forfheidhmiú athbhreithniú rialta ar an mBeartas seo agus na foirmeacha a ghabhann leis mar thoradh ar aon táscairí reachtacha nó aon táscairí eile agus faoi dháta athbhreithnithe sonraithe an Bheartais i gcás ar bith.

16.0 Oiliúint Foirne

Cuirfidh an Rialálaí Carthanas ar chumas ball foirne tiomnaithe déileáil le hábhair imní agus cuirfidh sé oiliúint orthu i ndéanamh amhlaidh.

17.0 Stair Leasaithe

Uimhir Leasaithe	Dáta Athbhreithnithe	Cúis leis an nuashonrú
000	Feabhra 2017	D'fhormheas Bord an Údaráis an beartas